Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**12924/25**

**LIMITE**

**CORLX 897**
**CFSP/PESC 1345**
**COHOM 142**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine |

**CINNEADH (CBES) 2026/…ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1999[1].

(2) An 8 Nollaig 2020, trí bhíthin Dearbhú ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le córas domhanda smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh i ndáil le cearta an duine, d'athdhearbhaigh an tAontas agus a Bhallstáit gurb é a dtiomantas láidir cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain. Le córas domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine, leagtar béim ar a mheáite atá an tAontas feabhas a chur ar a ról maidir le haghaidh a thabhairt ar sháruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine ar fud an domhain. Is sprioc straitéiseach ag an Aontas é teachtadh éifeachtach chearta an duine ag an uile dhuine a bhaint amach. Is bunluach de chuid an Aontais agus de chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais é meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine.

(3) Sna conclúidí uaithi an 19 Márta 2026, cháin an Chomhairle Eorpach go láidir foréigean leanúnach méadaitheach na lonnaitheoirí i gcoinne shibhialtaigh na Palaistíne agus d'iarr sí an athuair ar an gComhairle leanúint den obair ar bhearta sriantacha breise a dhéanamh i gcoinne lonnaitheoirí antoisceacha agus i gcoinne na n-eintiteas agus n-eagraíochtaí a thacaíonn leo.

---

[1] Cinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine (IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1999/oj).



PUBLIC

(4) Sa chomhthéacs sin, ba cheart triúr agus ceithre eintiteas a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2020/1999 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN

PUBLIC

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha':

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| '136. | Daniella WEISS | דניאלה וייס<br>(Litriú Eabhraise) | Dáta breithe: 30.8.1945<br>Áit bhreithe: Benee Brak, an Phalaistín Mhandáideach (Iosrael anois)<br>Náisiúntacht: Iosraelach<br>Inscne: baineann | Is í Daniella Weiss Stiúrthóir Ghluaiseacht Nachala ('Nachala'). Tá sé d'aidhm ag Nachala lonnaíochtaí Giúdacha agus urphoist mhídhleathacha a chur chun cinn ar an mBruach Thiar. Trína gníomhaíochtaí, tá ról lárnach ag Nachala maidir le gníomhartha comhéigneacha a éascú agus a spreagadh as a n-eascraíonn easáitiú éigeantach na bPalaistíneach agus a sháraíonn a gceart chun maoine, a gceart chun saol príobháideach agus saol teaghlaigh agus a gceart chun féinchinntiúcháin, chomh maith leis an gceart chun na beatha agus chun sláine coirp. | + |

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh leasaithigh seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Tá urphoist Nachala, mar shampla Evyatar, Maoz Esther, Oz Zion, Ramat Migron, Nachalat Zvi agus Haeitam Farm, ina bhfoinsí leanúnacha d'fhoréigin na lonnaitheoirí. Tógadh roinnt de na hurphoist Nachala sin, lena n-áirítear Yahish Zion, Maoz Esther, Oz Zion agus Ramat Migron ar thalamh Palaistíneach atá faoi úinéireacht phríobháideach. Cuireann urphoist uile Nachala bac ar rochtain ar thalamh talmhaíochta agus féaraigh Palaistíneach. Ina theannta sin, tar éis an 7 Deireadh Fómhair 2023, tá Nachala ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí chun Stráice Gaza a athlonnú. Ina cáil mar Stiúrthóir, déanann Daniella Weiss gníomhartha Nachala a phleanáil, a stiúradh agus tacaíonn sí go poiblí leo. Dá bhrí sin, tá sí freagrach as mí-úsáidí ar chearta an duine a éascú agus a spreagadh ar an mBruach Thiar agus i Stráice Gaza, lena n-áirítear sáruithe nó mí-úsáidí ar cheart na bPalaistíneach chun féinchinntiúcháin, a gceart chun maoine, a gceart chun saol príobháideach agus saol teaghlaigh, chomh maith leis an gceart chun na beatha agus chun sláine coirp, ar cúis imní thromchúiseach iad maidir le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Ina cáil mar Stiúrthóir, tá baint ag Daniella Weiss le Nachala. | |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 137. | Meir DEUTSCH | מאיר דויטש<br>(Litriú Eabhraise) | Náisiúntacht: Iosraelach<br>Inscne: fireann | Is é Meir Deutsch ardstiúrthóir Regavim, eagraíocht neamhrialtasach Iosraelach ag a bhfuil clár oibre gníomhach ar son lonnaitheoirí Iosraelacha agus ar son an leathnaithe lonnaíochtaí ar an mBruach Thiar. Tionscnaíonn Regavim imeachtaí dlíthiúla agus déanann sé stocaireacht chun maoin Phalaistíneach a scartáil d'fhonn rialú Iosrael a leathnú ar fud an Bhruaigh Thiar ina iomláine.<br>Trína gníomhaíochtaí, tá ról lárnach ag Regavim maidir le gníomhartha comhéigneacha a éascú agus a spreagadh leis an aidhm maoin Phalaistíneach a scriosadh agus tithe Palaistíneacha a leagan, as a n-eascraíonn easáitiú éigeantach na bPalaistíneach agus a sháraíonn a gceart chun maoine, a gceart chun saol príobháideach agus saol teaghlaigh agus a gceart chun féinchinntiúcháin, chomh maith leis an gceart ag gach uile duine chun an caighdeán is airde sláinte coirp agus meabhairshláinte is féidir a theachtadh. Tá Regavim freagrach as imeachtaí cúirte iomadúla agus rinne sé stocaireacht as bunscoil Phalaistíneach, arna maoiniú ag an Aontas Eorpach, a leagan i sráidbhaile Jabbet al Dhib, in aice le Beithil, ar an mBruach Thiar i mí na Bealtaine 2023. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh leasaithigh seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Dá bhrí sin, ina ról mar ardstiúrthóir Regavim, tá Meir Deutsch freagrach as mí-úsáidí ar chearta an duine ar an mBruach Thiar a éascú nó a mholadh, lena n-áirítear mí-úsáidí ar an gceart chun maoine, ar an gceart chun saol príobháideach agus saol teaghlaigh agus an ceart chun oideachais atá ag Palaistínigh, chomh maith leis an gceart atá ag gach duine an caighdeán is airde sláinte coirp agus meabhairshláinte is féidir a theachtadh, ar cúis imní thromchúiseach iad maidir le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. | |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 138. | Avichai SUISSA | אביחי סויסה<br>(Litriú Eabhraise) | Dáta breithe: 1.7.1986<br>Náisiúntacht: Iosraelach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais: 038172441 | Is é Avichai Suissa príomhoifigeach feidhmiúcháin Hashomer Yosh, eagraíocht neamhrialtasach Iosraelach a chuireann tacaíocht ábhartha ar fáil agus a chomhordaíonn oibrithe deonacha d'obair feirme ar fheirmeacha tréadaíochta, a thacaíonn le 28 n-urphost foréigneach ar a laghad agus le lonnaíochtaí ar an mBruach Thiar, trí shaorálaithe armtha a earcú agus gardaí a bhfuil baint acu le hionsaithe foréigneacha a chur ar fáil.<br>Go háirithe, tá Hashomer Yosh ag tacú le hurphoist arna mbunú ag daoine aonair atá liostaithe ag an Aontas Eorpach: Neriya Ben Pazi, bunaitheoir Rimonim Farm Outpost; Zvi Bar Yosef, bunaitheoir Zvi's Farm; Yinon Levi, bunaitheoir Mitarim Farm; agus Moshe Sharvit, bunaitheoir Tirza Valley Farm Outpost / Moshe's Farm. | [+]'; |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh leasaithigh seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Dá bhrí sin, tá Avichai Suissa freagrach as mí-úsáidí ar chearta an duine a éascú agus a spreagadh ar an mBruach Thiar, lena n-áirítear sáruithe ar cheart na bPalaistíneach chun maoine agus a gceart chun féinchinntiúcháin, a gceart chun maoine, agus ar an gceart chun iomláine coirp agus meabhraí, ar cúis imní thromchúiseach iad maidir le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. | |

PUBLIC

(2) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí faoin gceannteideal 'B Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí':

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| '38. | Amana<br>ar a dtugtar freisin Amana – Cooperative Society for Community Settlement | אמנה<br>(Litriú Eabhraise) | Seoladh: Clermont-Ganneau St. 13, Iarúsailéim<br>Suíomh gréasáin:<br>https://amana.co.il/<br>Dáta clárúcháin: 18.2.1979<br>Uimhir chlárúcháin: 570025742 | Is cuideachta forbartha comhair agus gluaiseacht lonnaíochta de chuid na gluaiseachta Gush Emunim é Amana. Ó cruthaíodh í, tá ról lárnach aici maidir le 30 urphost agus lonnaíocht fhoréigneach ar a laghad a thionscnamh, a mhaoiniú agus a éascú, lena n-áirítear urphoist a bhunaigh daoine aonair atá liostaithe ag an Aontas Eorpach (Yinon Levi, bunaitheoir Mitarim Farm Outpost; Moshe Sharvit, bunaitheoir The Tirza Valley Farm Outpost / Moshe's Farm; agus Isaschar Manne, bunaitheoir urphost Manne Farm) ar an mBruach Thiar atá faoi fhorghabháil. Mar aon le foréigean na lonnaitheoirí atá iontu, lena n-áirítear foréigean a dhéantar ar chosantóirí chearta an duine, tá easáitiú forleathan na bpobal leochaileach Palaistíneach agus díshealbhú maoine na bPalaistíneach mar thoradh ar na hurphoist sin. Áirítear na gníomhaíochtaí seo a leanas ar rannpháirtíocht mhór Amana sna hurphoist fhoréigneacha neamhdhleathacha sin: éadáil talún a éascú, tógáil agus margaíocht tithe, máistirphleananna do lonnaíochtaí a thionscnamh agus a ullmhú agus bonneagar a chistiú. Ar ócáidí éagsúla, dúirt an eagraíocht agus a lucht bainistíochta go soiléir go bhfuil sé de chuspóir acu pobail Phalaistíneacha a dhiúscairt. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh leasaithigh seo.



PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Dá bhrí sin, tá Amana freagrach as mí-úsáidí ar chearta an duine a éascú agus a spreagadh ar an mBruach Thiar, lena n-áirítear sáruithe ar cheart na bPalaistíneach chun maoine agus a gceart chun féinchinntiúcháin, ar cúis imní thromchúiseach iad maidir le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. | |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 39. | Nachala Movement | נחלה<br>(Litriú Eabhraise) | Seoladh: West Bank, occupied Palestinian territories<br>Suíomh gréasáin: https://www.nachalaisrael.org/ | Tá sé d'aidhm ag Nachala Movement ('Nachala') lonnaíochtaí Giúdacha agus urphoist mhídhleathacha a chur chun cinn ar an mBruach Thiar. Trína gníomhaíochtaí, tá ról lárnach ag an ngluaiseacht maidir le gníomhartha comhéigneacha a éascú agus a spreagadh as a n-eascraíonn easáitiú éigeantach na bPalaistíneach agus a sháraíonn a gceart chun maoine, a gceart chun saol príobháideach agus saol teaghlaigh agus a gceart chun féinchinntiúcháin, chomh maith leis an gceart chun na beatha agus chun sláine coirp. Tá urphoist Nachala, mar shampla Evyatar, Maoz Esther, Oz Zion, Ramat Migron, Nachalat Zvi agus Haeitam Farm, ina bhfoinsí leanúnacha d'fhoréigin na lonnaitheoirí. Tógadh roinnt de na hurphoist Nachala sin, lena n-áirítear Yahish Zion, Maoz Esther, Oz Zion agus Ramat Migron ar thalamh Palaistíneach atá faoi úinéireacht phríobháideach. Cuireann urphoist uile Nachala bac ar rochtain ar thalamh talmhaíochta agus féaraigh Palaistíneach. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh leasaithigh seo.

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Tar éis an 7 Deireadh Fómhair 2023, tá Nachala ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí chun Stráice Gaza a athlonnú. Dá bhrí sin, tá Nachala freagrach as mí-úsáidí ar chearta an duine a éascú agus a spreagadh ar an mBruach Thiar agus i Stráice Gaza, lena n-áirítear mí-úsáidí ar cheart na bPalaistíneach chun féinchinntiúcháin, a gceart chun maoine, a gceart chun saol príobháideach agus saol teaghlaigh, chomh maith leis an gceart chun na beatha agus chun na sláinte fisiciúil, ar cúis imní thromchúiseach iad maidir le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad. | |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 40. | Regavim<br>ar a dtugtar freisin<br>Regavim Movement | רגבים<br>(Litriú Eabhraise) | Seoladh: Rehovot, Mo’din, Iarúsailéim, Haifa, Maale Adumin, Ariel, Tel Aviv District, Efrat, Bersheeba<br>Suíomh gréasáin: https://www.regavim.org/<br>Áit chlárúcháin: Sha’ar Binyamin<br>PO BOX 44439, Iarúsailéim, Iosrael, 9144302 | Is eagraíocht neamhrialtasach Iosraelach í Regavim ag a bhfuil clár oibre gníomhach ar son lonnaitheoirí Iosraelacha agus ar son méadú na lonnaíochtaí ar an mBruach Thiar. Tionscnaíonn Regavim imeachtaí dlíthiúla agus déanann sí stocaireacht chun maoin Phalaistíneach a scartáil d’fhonn rialú Iosrael a leathnú ar fud an Bhruaigh Thiar ina iomláine. Trína gníomhaíochtaí, tá ról lárnach ag Regavim maidir le gníomhartha comhéigneacha a éascú agus a spreagadh arb é is aidhm dóibh maoin Phalaistíneach a scriosadh agus tithe Palaistíneacha a leagan, as a n-eascraíonn easáitiú éigeantach na bPalaistíneach.<br>Tá Regavim freagrach as imeachtaí cúirte iomadúla agus rinne sí stocaireacht as bunscoil Phalaistíneach, arna maoiniú ag an Aontas Eorpach, a leagan i sráidbhaile Jabbet al Dhib, in aice le Beithil, ar an mBruach Thiar i mí na Bealtaine 2023. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh leasaithigh seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Dá bhrí sin, tá Regavim freagrach as mí-úsáidí ar chearta an duine ar an mBruach Thiar a éascú nó a mholadh, lena n-áirítear mí-úsáidí ar an gceart chun maoine, ar an gceart chun saol príobháideach agus saol teaghlaigh agus a gceart chun féinchinntiúcháin, agus an ceart chun oideachais atá ag Palaistínigh, chomh maith leis an gceart atá ag gach duine an caighdeán sláine coirp agus meabhraí is airde is féidir a theachtadh, ar cúis imní thromchúiseach iad maidir le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. | |

PUBLIC

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 41. | Hashomer Yosh<br><br>ar a dtugtar freisin Guardians of Judea and Samaria, Guardians of Yehuda and the Shomron, Hashomer Judea and Samaria, Hashomer Yehudah V'Shomron | השומר יו״ש<br><br>(Litriú Eabhraise) | Seoladh: Esh Kodesh 2, Shilo, 4483000<br><br>West Bank, occupied Palestinian territories<br><br>Suíomh gréasáin:<br><br>https://hashomeryosh.org/home-en/<br><br>Dáta clárúcháin: 18.6.2013<br><br>Uimhir chlárúcháin: 580575629 | Is eagraíocht neamhrialtasach Iosraelach í Hashomer Yosh, a chuireann tacaíocht ábhartha ar fáil agus a chomhordaíonn oibrithe deonacha d'obair feirme ar fheirmeacha tréadaíochta, a thacaíonn le 28 n-urphost foréigneach ar a laghad agus le lonnaíochtaí ar an mBruach Thiar, trí shaorálaithe armtha a earcú agus gardaí a bhfuil baint acu le hionsaithe foréigneacha a chur ar fáil. Go háirithe, tá Hashomer Yosh ag tacú le hurphoist arna mbunú ag daoine aonair atá liostaithe ag an Aontas Eorpach: Neriya Ben Pazi, bunaitheoir Rimonim Farm Outpost; Zvi Bar Yosef, bunaitheoir Zvi's Farm; Yinon Levi, bunaitheoir Mitarim Farm; agus Moshe Sharvit, bunaitheoir Tirza Valley Farm Outpost / Moshe's Farm (.<br><br>Dá bhrí sin, tá Hashomer Yosh freagrach as mí-úsáidí ar chearta an duine a éascú agus a spreagadh ar an mBruach Thiar, lena n-áirítear sáruithe ar cheart na bPalaistíneach chun maoine agus a gceart chun féinchinntiúcháin, agus ar an gceart chun sláine coirp agus meabhraí, ar cúis imní thromchúiseach iad maidir le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. | [+]'. |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh leasaithigh seo.